Bus Átha Cliath

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2008








# Ag Tiomáint na hInfheistíochta

PRN.A9/0117

# An Clár

Bus Átha Cliath


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú Oibríochtaí | 3 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 8 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 9 |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí | 11 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 12 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 14 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 15 |
| Clár Comhardaithe | 16 |
| Ráiteas Sreabhadh Airgid | 17 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 18 |






Ba mhaith le hIarnród Éireann aitheantas a thabhairt don maoiniú a rinne Rialtas na hÉireann do mhórthionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus Iompar 21 agus don chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Dearadh:** firstimpression


transport21 progress in motion

NDP Plean Forbartha Náisiúnta Athrú Mór ar Éirinn

Ba bhliain dheacair í 2008 do Bhus Átha Cliath toisc thionchar an chúlaithe eacnamaíochta ar líon na bpaisinéirí.

Bhú an chuideachta tar éis réamh-mheastachán a dhéanamh go méadódh an líon paisinéirí chuig 151 milliún (+2%) sa bhliain 2008 bunaithe ar fhás leanúnach an gheilleagair, fhairsingiú breise na limistéar nua mórthimpeall na cathrach agus feabhas ar sheirbhísí a cuireadh i bhfeidhm le linn 2007. De bharr na dífhostaíochta agus laige na n-earnálacha miondíola agus tógála, ámh, laghdaigh líon na bpaisinéirí faoi 3% chuig 143.5 milliún. Tharla an laghdú seo ar fud na n-earnálacha uile sa chathair. Mar thoradh ar an meath ar an líon paisinéirí thabhaigh Bus Átha Cliath easnamh de €14.9 milliún sa bhliain 2008. Ceapadh plean costéifeachtach chun dul i ngleic leis na caillteanais seo agus é le cur i ngníomh i gcéad ráithe 2009.

## Feidhmíocht i gCoitinne


Le linn 2008 d'iompar Bus Átha Cliath 143.5 milliún paisinéir, d'fheidhmigh flít de bheagnach 1,200 bus ar bhreis is 193 bealach agus thaistil breis is 63 milliún ciliméadar. Tá an chuideachta fós ar an soláthraí iompair is mó i limistéar Bhaile Átha Cliath le bris is 93% den daonra a bhfuil rochtain acu ar a sheirbhísí agus 70% d'úsáideoirí iompair phoiblí a úsáideann an bus mar a rogha modha iompair. Léiríonn sé seo cumas an bhus iompar a sholáthar don phobal ar bhealach eacnamaíoch solúbtha ar fud na cathrach.

Faigheann Bus Átha Cliath íocaíocht Dualgais Seirbhíse Poiblí(DSP), mar a fhaigheann gach cuideachta iompair phoiblí san Eoraip, ionas gur féidir leo seirbhísí neamhthráchtála a sholáthar ón Státchiste. B'ionann an íocaíocht seo le haghaidh 2008 agus €85.6 milliún, arb ionann é sin agus 28% de na costais oibríochta. Tá sé seo ar cheann de na leibhéil fóirdheontais is ísle a tugadh do chuideachta iompair phoiblí bus san Eoraip.

Aontaíodh Meamram Tuisceana maidir le spriocanna feidhmíochta agus leibhéil seirbhíse le haghaidh 2008 idir an chuideachta agus an Roinn Iompair. Bhí an méid iomlán de DSP a bhí iníoctha nasctha le baint amach na spriocanna seo. D'éirigh le Bus Átha Cliath na critéir a chomhlíonadh a bhain le bheith incháilithe d'íocaíocht DSP.



### Scoilt Ioncam




## Tuarascáil Deloitte

I mí an Mheithimh 2008 rinne an tAire Iompair coimisiúnú ar chuibhreannas faoi cheannas Deloitte chun athbhreithniú a dhéanamh ar chostas agus éifeachtacht Bhus Átha Cliath agus foilsíodh an tuarascáil sin i mí Feabhra 2009.

Mar thátal sa tuarascáil luadh gur thug tagarmharcáil ar bhonn costais Bhus Átha Cliath le fios go bhfuil sé chomh héifeachtach céanna, tríd is tríd, le heagraíochtaí inchomparáide. Fuair Deloitte amach go raibh na leibhéil fóirdheontais oibríochta níos airde san Eoraip i gcoitinne. Is ionann an íocaíocht DSP agus 28% den chaiteachas iomlán i mBus Átha Cliath, fad is atá 38.5% á chur ar fáil i Londain, le costais bainistíochta líonra as an áireamh, tá 68% á chur ar fáil sa Bhruiséil agus in Lyon is ionann an fóirdheontas agus 79%. De réir na tagarmharcála fuarthas i gcás Bus Átha Cliath, go bhfuil sceidealú busanna agus tiománaithe, bainistíocht flít, riarachán agus costais "cúloifige" go léir ag teacht leis na noirm sa tionscal. Mhol Deloitte go ndéanfaí an líonra seirbhísí a athdhearadh chun laghdú ar an líon éagsúluithe ar bhealaí agus chun deireadh a chur le dúbailt seirbhísí leis an gcuspóir an líonra a shimpliú. Mar thoradh air seo beidh níos lú céimeanna bealaigh ann agus níos mó comhordúcháin ar uainiú seirbhíse ar chomhchodanna na mbealaí. Tacaíonn Bus Átha Cliath le moltaí Deloitte agus tá siad i mbun na moltaí sin a chur i ngníomh. Ionas go mbeadh rath air seo tacófar le hathruithe atá molta ag ionadaithe áitiúla agus ag pobail áitiúla.

## Infheistiú Caipitil sa Fhlít

Díríonn infheistiú caipitil Bhus Átha Cliath agus an Rialtais i gcónaí ar fheabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath:

Mar chuid dá chlár leanúnach flít nua a chur ar fáil, soláthraíodh 74 bus ísealurláir dhá stór agus cuireadh iad i seirbhís le linn 2008 agus an 26 bus eile le soláthar i seachtainí tosaigh 2009.

Bhíothas ábalta na busanna seo a cheannach trí mheán na ranníocaíochtaí maoiniúcháin ón Státchiste faoi Chlár Infheistíochta Iompar 21 agus tá siad mar chuid de chlár leanúnach Bus Átha Cliath busanna nua a sholáthar, rud a chinntíonn gurb ionann meánaois an fhlít agus sé bliana.

## Suíomh agus Rialú Uathoibríoch Feithicle (SRUF)

Bronnadh conradh, cuireadh sonraíochtaí i gcrích agus cuireadh tús le forbairt córais ar an tionscadal chun córas um Shuíomh agus Rialú Uathoibríoch Feithicle (SRUF) a sholáthar ar fud fhlít Bus Átha Cliath. Is ardán é an córas SRUF mar chuid de phlean foriomlán a úsáidfear chun Eolas Fíorama Paisinéara (EFP) a thabhairt isteach. Tá an tionscadal mar chuid den phlean foriomlán chun dul i ngleic leis an gcur isteach ar na seirbhísí sceidealaithe a tharlaíonn toisc tráchta agus chun intuarthacht níos fearr na seirbhíse a chinntiú. Soláthróidh an tionscadal SRUF suíomh beacht le haghaidh gach bus i bhfíoram agus éascóidh na bearta ceartaitheacha atá ar bun chun iontaofacht na seirbhíse a chinntiú. Chomh maith leis seo déanfar sonraí i ndáil le suíomh bus, ó chóras lárnach ríomhaire an SRUF, a tharchur chuig ríomhaire rialaithe lárnach SCATS Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuideoidh sé seo tosaíocht a thabhairt do bhusanna ag crosairí arna rialú ag soilse tráchta. Ar na mórbhuntáistí a bhaineann leis an gcóras tá infhaighteacht EFP don phobal trí fhóin phóca agus ar an idirlíon. Tá soláthar EFP ag stadanna bus mar ábhar do thionscadal eile – tionscadal ar shann an Roinn Iompair freagracht ina leith ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Déanfar an córas a thástáil ar bhealach ainmnithe in earrach 2009. Tá sé beartaithe go mbeidh an SRUF ag feidhmiú ina iomláine ar fud na n-iostaí go léir faoi ráithe 4, 2010. Meastar go gcosnóidh an tionscadal €11 mhilliún san iomlán.

## Cárta Cliste

Tá meaisíní léite cártaí cliste suiteáilte anois i bhflít iomlán Bhus Átha Cliath agus tá an próiseas a bhaineann le cártaí cliste réamhíoctha a thabhairt isteach in ionad na seanteicneolaíochta stiall mhaighnéadach faoi lán seoil anois. Tugadh isteach ticéid chártaí cliste i mí Iúil 2008. Faoi dheireadh 2008 ba chártaí cliste iad 55% de thicéid réamhíoctha. Méadóidh sé seo diaidh ar ndiaidh le linn 2009. Soláthraíonn na ticéid ar an stíl nua seo éifeachtacht, iontaofacht agus amanna bordála níos gasta agus mar thoradh air sin amanna aistir níos gasta.

Rinne Bus Átha Cliath an cárta cliste a fhorbairt le comhaontú ón Integrated Ticketing Project Board (ITPB), a bhfuil maoirseacht á dhéanamh aige ar an Scéim Tidéadaithe Comhtháite il-oibreora do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Déanfar cárta cliste Bhus Átha Cliath a chomhtháthú go hiomlán leis an Scéim Ticéadaithe Comhtháite nuair a sheolfar é.

## Rogha níos Glaise

Mar thoradh ar an gclár leanúnach ag Bus Átha Cliath flít nua a thabhairt isteach baineadh amach laghdú suntasach ar astaíochtaí ón bhflít de réir mar a scoradh d'úsáid feithiclí níos sine a raibh leibhéil astaíochtaí níos airde acu agus mar ar tugadh isteach feithiclí nua a chloíonn leis na caighdeáin is airde Eorpach ó thaobh astaíochtaí de. I gcás gach feithicle a tugadh isteach sa fhlít sa bhliain 2008 bhí siad ag cloí le teicneolaíocht chaighdeánach agus inchorparáideach Euro 4 um Laghdú Roghnach Catalaíoch, rud a laghdaíonn go mór $NO_X$ agus truailleáin eile.

Is teicneolaíocht atá fós á forbairt iad na feithiclí hibrideacha agus tá an poitéinseal acu breosla a choigilt agus laghdú ar gach astaíocht lena n-áirítear $CO_2$. Soláthraíodh céad bhus hibrideach Bhus Átha Cliath i mí na Nollag – bus dhá stór le hurlár íseal agus inrochtaineacht do chathaoireacha rothaí – agus tá tréimhse thrialach trí bliana tosaithe ag an mbus seo. I measc ghnéithe eile an bhus atá á dtástáil faoi láthair tá ísliú ar thorann an innill agus cosc athghiniúnach, a úsáideann an fuinneamh a scaiptear le linn úsáid na gcoscán chun an cadhnra a luchtú.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta d'astaíochtaí a laghdú trí leanúint ar aghaidh ag fanacht cothrom le dáta leis an teicneolaíochtaí is nua i réimse an bhithbhreosla agus roghanna eile línte tiomána. Trí chúpla cleachtas mar seo a chur le chéile, tá sé mar aidhm ag an gcuideachta torthaí suntasacha a bhaint amach.

## Tiomantas i leith an Fheabhsúcháin Leanúnaigh

Tá Bus Átha Cliath agus an Oifig Gréasán Bus tar éis a bheith ag obair lena chéile chun tosaíocht níos fearr a bhaint amach ar fud na cathrach trí Mhórlánaí Bus (MB)



a thabhairt isteach ar bhonn leanúnach agus uasghrádú ar na cinn reatha i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Le linn 2008, rinneadh uasghrádú mór radacach ar MB chuig Baile Bhlainséir, Mullach Íde agus Sord. Cuireadh in iúl do chomaitéirí go raibh na seirbhísí seo ar fáil, maille le feabhsúcháin ar sheirbhísí eile, trí fheachtas margaíochta dírí. Fuair breis is 180,000 teach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus laistigh de dhobharcheantair na MB, pacáiste sonrach sa phost ina raibh na míreanna seo a leanas; amchlár agus léarscáil líneach de na bealaí le haghaidh gach seirbhíse áitiúla. Ticéad bus saor in aisce agus eolas faoi choigilt ama, airgid agus buntáistí comhshaoil a bhaineann le húsáid an bhus.

Cuireann na MB ar chumas an bhus trácht a sheachaint agus mar sin laghdaítear ar amanna taistil agus méadaítear iontaofacht na seirbhísí bus. Cuidíonn siad le busanna cloí níos fearr leis an amchlár agus seirbhís níos intuartha a sholáthar don phobal.

Tá roinnt forbairtí seirbhísí tarlaithe, lena n-áirítear ródú díreach, minicíocht mhaith ar feadh an lae, oibríocht traschathrach agus minicíocht níos fearr ar an líonra bus i limistéir atá ag forbairt amhail Fionnghlas, Ceantar na nDugaí Thuaidh agus Theas, Sord agus An Chéim.

## Seirbhís Eolais Athdheartha

Sa bhliain 2008 thosaigh Bus Átha Cliath an próiseas mar a ndearnadh athdhearadh ar an gcaoi a gcuirtear eolas seirbhíse i láthair agus mar aidhm aige cuidiú le custaiméirí eolas a thuiscint níos fearr agus rochtain a fháil ar a seirbhísí áitiúla.

Le linn chéad chéim an tionscadail seo rinneadh uasghrádú ar bhreis is 80 stad bus nua ionas go mbeadh amchláir nuadheartha ar taispeáint ann maille le léarscáileanna líneacha bealaí le haghaidh gach bealaigh a fhreastalaíonn ar gach stad bus nua. Cuidíonn an t-eolas nua seo le custaiméirí meastachán a fhail den am íosta a thógfaidh sé fanacht leis an gcéad bhus eile. Tá struchtúr mapála nua á fhorbairt a bhfuil an poitéinseal aige an líonra iomlán poiblí a chur i láthair mar léarscáil líneach nó 'léarscáil eangaigh'. Maille le pointí tábhachtacha acomhail le busanna, traenacha agus an Luas. Suiteáladh an stad bus athdheartha nua seo ar Shráid Uí Chonaill, Cearnóg Mhuinseo, ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag Lárionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir, agus ag Faiche Stiabhna.

Cuireadh feabhas ar fheicseanacht freisin i gcomhairle le grúpaí inrochtaineachta trí scéim nua dathanna agus trí thoise an chló a mhéadú. Dearadh na stadanna bus seo ar an stíl nua chun comhtháthú le dearadh nua scáthláin bus agus leis an sráid-dreach uasdátaithe i lár na cathrach. Is dearadh a bhfuil teist mhaith aige go dtí seo an dearadh nua agus cloíonn sé leis na caighdeáin is airde inrochtaineachta.

Leanadh leis an obair forbartha ar shuíomh gréasáin nua Bhus Átha Cliath **(www.dublinbus.ie)** a d'imigh beo i mí an Mhárta 2009 agus a chuireann modh éasca don chustaiméir ar fáil tuiscint a fháil ar líonra Bhus Átha Cliath agus an bealach agus ticéad ceart a roghnú.

I gcomhthráth leis an suíomh gréasáin nua, forbraíodh córas foilsithe amchláir ionas go bhféadfaí uasdátú a dhéanamh ar amchláir ar fud na modhanna iompair eolais, ag cuíchóiriú an phróisis trína gcuirtear eolas i láthair na gcustaiméirí.

## Rochtain do Chách

Tá Bus Átha Cliath tiomanta de feabhas a chur ar inrochtaineacht agus tá urlár íseal inrochtana do chathaoireacha rothaí anois i ngach bus nua a cheannaítear le haghaidh na mbealaí cathrach. Faoi láthair tá 39% de gach stad bus suiteáilte le colbha inrochtana a ardaíonn leibhéal an cholbha rud a dhéanann bordáil ar an mbus i bhfad níos éasca. Ní hé amháin nach bhfuil céim ann ar iontráil ar an mbus, ach féadfar rampa a shíneadh amach chun cuidiú le daoine a bhfuil lagú gluaiseachta nó céadfach orthu. Chomh maith leis sin tá pollaí le dathanna éagsúla ar an taobh istigh, sóiliú inmheánach níos fearr, barraí greim láimhe níos fearr agus cloigín atá gníomhaithe ag bos na láimhe – agus cuidíonn siad seo uile le daoine a bhfuil lagú céadfach orthu. Faoi láthair tá urláir ísle inrochtana do chathaoireacha rothaí ag 78% den fhlít agus tá Bus Átha Cliath ag feidhmiú de réir sprice d'fhonn flít iomlán atá inrochtana a bheith aige faoi 2012.

## An Tábhacht a Bhaineann le Láthair Oibre Sábháilte

Tá Bord Bus Átha Cliath agus an Fhoireann Ardbhainistíochta tiomanta de cosaint a sholáthar do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus an uile dhuine a dtéann ár ngníomhaíochtaí i bhfeidhm orthu, amhail úsáideoirí bóthair eile, cuairteoirí a thagann chuig ár n-áitribh nó conraitheoirí atá fostaithe ag an gcuideachta.

Tugtar breac-chuntas sa pholasaí i ndáil le bainistiú sábháilteachta maidir le freagrachtaí na mbainisteoirí agus na maoirseoirí uile agus leagtar amach ann an chaoi ar chóir do Bhus Átha Cliath bainistiú a dhéanamh ar shábháilteacht.

Ar cheann de na bearta feidhmíochta is tábhachtaí do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí tá feabhsú leanúnach inniúlachtaí sábháilteachta an fhostaí. Cuirtear i ngníomh iniúchadh inmheánach agus seachtrach na ngníomhaíochtaí a bhaineann le sábháilteacht chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin sábháilteachta.

Le linn 2008, a bhuíochas leis an bhfócas láidir ar shábháilteacht laghdaíodh go suntasach ar an am a cailleadh toisc tionóiscí (37%)agus laghdaíodh ar thionóiscí ar bhóithre faoi 7%, in ainneoin míleáiste a bheith méadaithe.

De réir reachtaíocht nua, a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2008, tá sé éigeantach le haghaidh gach baill foirne a bhíonn ag tiomáint busanna Teastas Inniúlachta Gairmiúlachta a fháil. Déanann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre na teastais seo a eisiúint agus éilíonn siad oiliúint sábháilteachta de 35 uair a dhéanamh mar dhul siar le haghaidh gach tiománaí PSV agus HGV i dtréimhse cúig bliana.

Tá ceamaraí digiteacha TFCI suiteáilte i ngach bus anois chun a chinntiú go leanann Bus Átha Cliath ag soláthar don phobal ar bhealach sábháilte iontaofa.

## Freagracht Shóisialta Corparáideach

Bhí Clár Tacaíochta Pobail (CTP) na bliana seo ar an gceann ba mhó agus ba rathúla go dtí seo. Tá sé anois ina chúigiú bliain, agus cuireadh ar bun é d'fhonn cuidiú le grúpaí agus le heagraíochtaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath nach dtugtar aitheantas dóibh don obair a dhéanann siad, seachas laistigh dá gciorcail cairde féin. Go dtí seo tá 900 grúpa ó phobail ar fud Bhaile Átha Cliath tar éis deontais a fháil faoin gclár seo. I mbliana cuireadh ar fáil clár faisnéise a leag béim ar obair an Chláir Tacaíochta Pobail agus craoladh é ar Theilifís Phobail Bhaile Átha Cliath.

Don dara bliain as a chéile reáchtáil Bus Átha Cliath taispeántas de na hiontrálacha a bhuaigh i gComórtas Ealaíne scoile na bliana seo. Cuireadh na hiontrálacha ar taispeáint i Leabharlann Cathrach Mheal Charleville don dá sheachtain dheireanacha i mí na Nollag. Cuireann cláir cosúil leis na cláir seo ar chumas Bhus Átha Cliath aithne a chur ar roinnt de na custaiméirí níos óige agus an ról tábhachtach atá ag an mbus sa phobal a chur ina luí orthu agus tathant orthu meas a bheith acu air sin.



## Na Stiúrthóirí ag 26 Lúnasa 2009

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An Dr. J.J. Lynch |
| **Na Stiúrthóirí** | N. Maher Uasal<br>An tUasal B. McCamley<br>An tUasal J. Moloney<br>M. Mooney Uasal<br>An tUasal A. O'Byrne<br>G. Tuke Uasal |
| **An Príomhfheidhmeannach** | An tUasal J. Meagher |
| **An Rúnaí** | An tUasal R. O'Farrell |
| **An Oifig Chláraithe** | 59 Sráid Uí Chonaill<br>Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Teileafón** | +353 1 872 0000 |
| **Facsimile** | +353 1 873 1195 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.dublinbus.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119569 |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers<br>Cuntasóirí Cairte<br>agus Iniúchóirí Cláraithe<br>hAon Dug Spencer,<br>Cé an Phoirt Thuaidh,<br>Baile Átha Cliath 1. |

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 i láthair.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta seirbhís bus chuimsitheach a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus an don cheantar máguaird.

Ba é an mhórthoisc a chuir isteach ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais le linn na bliana na cúinsí eacnamaíochta a bhí ag meathlú go tapa. Thit líon na bpaisinéirí de 3% le linn na bliana go 143.5 milliún i gcomparáid le 147.5 milliún sa bhliain 2007 agus b'ionann ioncaim iomlána agus €204 milliún i 2008 i gcomparáid le €200 milliún an bhliain roimhe sin. In ainneoin na timpeallachta oibríochta dúshlánaí lean an chuideachta ar aghaidh ag forbairt chaighdeán na seirbhíse custaiméara, caighdeán an flít agus raon an líonra. Tá seirbhísí na cuideachta go fóill ina chnámh droma ag an iompar poiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus tá an líonra ag fabhrú de shíor chun freastal ar riachtanais na bpobal ar a bhfuil sí ag freastal.

## Infheistíocht Caipitil

Le linn 2008, bhí seo leanas i measc infheistíocht i bhfeabhsú an flít agus na seirbhísí custaiméara, a cuireadh ar fáil trí ranníocaíocht shuntasach chistiúcháin Státchiste faoi Iompar 21:

- 100 bus dhá urlár nua le hurláir ísle
- €3.3 milliún ar thionscadail rochtana éagsúla

## Rannpháirtíocht Fostaithe

Cuireadh tús le ceardlanna i 2007 do gach dhuine ar an fhoireann oibríochtúil. Díríonn na ceardlanna seo ar shábhailteacht, ar sheirbhís do chustaiméirí, ar fheasacht mhíchumais, agus ar leas fostaí. Leanadh ar aghaidh le clár forbairt bhainistíochta le lion áirithe bainisteoirí agus den fhoireann riaracháin ag gabháil i gceann staidéir tríú leibhéal.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuidíonn an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta atá i bhfeidhm le Bus Átha Cliath timpeallacht oibre níos éifeachtúlaí agus níos comhlíontaí a sheachadadh don fhoireann, freastalaítear ar riachtanais na gcustaiméirí a bhíonn ag athrú agus forbraítear ceangal níos fearr leis an bpobal go léir a bhítear ag freastal orthu.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh do na custaiméirí go léir agus áit oibre chothrom agus uilechuimsitheach a sholáthar ina mbeidh meas ar an duine aonair agus a bhféadfaidh daoine oibriú ann chomh maith agus atá ar a gcumas.

D'fhorbair an chuideachta plean gnímh a chlúdaigh na prionsabail chomhionannais agus uilechuimsitheachta agus léiríonn sin éagsúlacht ár bhfórsa saothair.

Roghnaíodh an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta le cur san áireamh san Achomaireacht Dea-Chleachtais maidir le hÉagsúlacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 14 go 27. Taispeánann na torthaí do 2008 easnamh de €14.9 milliún (2007 - Barrachas de €4.8 milliún).

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta go hiomlán cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2006 agus na rialacháin náisiúnta eile go léir agus na rialacháin AE. Tá an Ráiteas Sábháilteachta arna ghlacadh ag an gcuideachta i mí Feabhra 1991 coimeádta faoi athbhreithniú agus tugtar cothrom le dáta é ar bhonn leanúnach.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath a fhreagracht maidir lena chinntiú go gcomhlíontar, i ngach slí ábhartha, forálacha Rialachán an CE (Iocaíocht Mhall) 2002. Ba é polasaí íocaíochta na cuideachta ceanglais an rialacháin a chomhlíonadh.

## Príomhrioscaí

Tá an chuideachta tiomanta riosca a bhainistiú ar shlí chórasach agus smachtaithe. Aithnítear na príomhrioscaí atá ag an gcuideachta trí phróiseas bhainistíocht rioca ar fud na cuideachta. Coimheádtar clár riosca agus tugtar suas chun data go tráthrialta é agus tá pleananna gnímh le díriú ar na rioscaí a aithníodh san áireamh ann.

Téann Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bhus Átha Cliath, i mbun airgead a cheannach roimh ré nuair a bhreithnítear go bhfuil luach agus riosca níos lú ann don chuideachta.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta ar ghlac na stiúrthóirí leo lena chinntiú go gcloítear le hoibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na comhlachta. Roimh 1 Lúnasa, 2008 cheap Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann stiúrthóirí le toiliú an Aire. Tá na stiúthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2008 nó iad siúd a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| **An Dr. J.J. Lynch** | Cathaoirleach<br>(Athcheaptha 28 Márta, 2008) |
| **An tUasal T. Coffey** | (Athcheaptha 29 Aibreán 2008<br>d'éirigh as 28 Aibreán 2009) |
| **An tUasal D. Egan** | (D'éirigh as 8 Feabhra 2008<br>athcheaptha 26 Feabhra 2008<br>d'éirigh as 25 Feabhra 2009) |
| **N. Maher Uasal** | (Ceaptha 2 Meitheamh 2009) |
| **An tUasal B. McCamley** | (Athcheaptha 1 Eanáir 2009) |
| **An tUasal J. Moloney** | (Athcheaptha 1 Eanáir 2009) |
| **M. Mooney Uasal** | (Ceaptha 18 Bealtaine 2009) |
| **An tUasal A. O'Byrne** | (Athcheaptha 1 Meitheamh 2009) |
| **G. Tuke Uasal** | (Ceaptha 2 Meitheamh 2009) |
| **An tUasal P. Webster** | (Athcheaptha 1 Meitheamh 2008<br>d'éirigh as 31 Bealtaine 2009) |

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Ní raibh aon chonarthaí ná socruithe a chuathas ina mbun i rith na bliana a raibh leas ábhartha ag aon stiúrthóir iontu i ndáil le gnó an Ghrúpa seachas aon stiúrthóir amháin a dhearbhaigh leas i gcuideachta a bhuaigh tairiscint tar éis próiseas roghnaithe fíoraithe neamhspleách.

## Iniúchóirí

Chuir na hiniúchóirí, Pricewaterhouse Coopers, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

| | |
|---|---|
| **An Dr. J.J. Lynch** | An Cathaoirleach |
| **An tUasal A. O'Byrne** | An Stiúrthóir |

26 Lúnasa 2009

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn, agus go bhfuil siad ag cloí le reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Tuairiscáil iniúchóirí neamhspleácha chuig comhaltaí de Bhus Átha Cliath – Dublin Bus

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 14 go 27. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach i ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta ar leathanaigh 14.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn) agus tá siad leagtha amach ar leathanach 11 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainne iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sí dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe, ar ann do staid airgeadais a éilíonn ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais mar sin a bheith ann má bhíonn glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe, níos mó ná leath méid an scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí agus áit a bhfuil sé indéanta, cuirimid san áireamh lenár dtuarascáil a leithéid d'fhaisnéis.

Léimid tuarascáil na stiúrthóirí agus breithnímid na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar ár dtuarascáil má fheicimid aon mhíráiteas dealraitheach ann. Ní chuimsíonn ár bhfreagrachtaí aon fhaisnéis eile.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

## Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig, 2007 agus ar a barrachas agus ar a sreabhadh airgid don bhliain dar chríoch amhlaidh, agus
- agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 9 agus 10 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 14, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig 2008, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
hAon Dug Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

26 Lúnasa 2009

A. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine láithreáin ghréasáin Chóras Iompair Éireann; níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair an láithreáin ghréasáin iad ar dtús báire.

B. D'fhéadfadh reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráitis airgeadais a bheith éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeán cuntasaíochta a ghlactar go ginearálta in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann agus atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Ioncam

Tá ioncam comhdhéanta d'oll-luach na seirbhísí a soláthraítear.

## (C) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas:

### (i) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadáin atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil.

### (ii) Stadanna Bus agus Foscadáin Bus

Dímheastar stadanna agus foscadáin bus trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

### (iii) Gléasra agus Innealra

Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

## (D) Sócmhainní ar Léas

### Léasanna Oibríochta

Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## (E) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú. Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (F) Deontais

### (i) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

Muirearaítear deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a thabhairt chun sochair d'ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn sin infhaighte agus scaoiltear sin chuig an gcuntas caiteachais iomchuí sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

### (ii) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## (G) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (H) Pinsin

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a sholáthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime. Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **203,668** | 200,364 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 2 | **(205,676)** | (193,733) |
| Ábhair agus seirbhísí | 3 | **(85,093)** | (76,220) |
| Dímheas | 4 | **(17,693)** | (16,863) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(308,462)** | (286,816) |
| **Easnamh roimh ghnóthachanar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar** | | **(104,794)** | (86,452) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **1,487** | 1,444 |
| **Easnamh roimh ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar** | | **(103,307)** | (85,008) |
| Ús infhaighte | 5 | **2,734** | 2,453 |
| **Easnamh don bhliain roimh íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar** | | **(100,573)** | (82,555) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | 6 | **85,629** | 80,078 |
| **Easnamh don bhliain roimh scaoileadh soláthar** | | **(14,944)** | (2,477) |
| Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir | 12 | **—** | 7,301 |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | | **(14,944)** | 4,824 |

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| **Amhail an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *7* | **171,527** | 163,540 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *8* | **3,029** | 3,113 |
| Féichiúnaithe | *9* | **85,812** | 89,187 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | | **145** | 750 |
| | | **88,986** | 93,050 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *10* | **(61,738)** | (60,300) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **27,248** | 32,750 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **198,775** | 196,290 |
| **Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirir** | *12* | **(89,237)** | (77,500) |
| **Ioncam iarchurtha** | *13* | **(72,994)** | (67,302) |
| | | **36,544** | 51,488 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *14* | **31,743** | 31,743 |
| Cúlchiste athsholáthair sócmhainní | | **4,801** | 19,745 |
| **Cuntas brabúis agus caillteanais** | *15* | **36,544** | 51,488 |

Thar ceann an bhoird
**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUasal A. O'Byrne** Stiúrthóir

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | 16 (A) | 12,405 | 19,551 |
| **Toradh ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | 16 (B) | 2,734 | 2,453 |
| **Caiteachas caipitil** | 16 (B) | (41,555) | (38,302) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe** | 16 (B) | 1,547 | 1,444 |
| **Deontais chaipitil a fuarthas** | 16 (B) | 22,697 | 24,869 |
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú** | | (2,172) | 10,015 |
| **Glanbhainistiú ar acmhainní leachtacha** | | 1,229 | (10,085) |
| **Laghdú in airgead tirim sa bhliain** | | (943) | (70) |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite don chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

| **Réiteach an ghlan-shreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
|---|---|---|---|
| Laghdú in airgead tirim sa bhliain | 16 (C) | (943) | (70) |
| Glan-in-sreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta | 16 (C) | (1,229) | 10,085 |
| **Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain** | | (2,172) | 10,015 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | 16 (C) | 77,549 | 67,534 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | 16 (C) | 75,377 | 77,549 |

## 1. GLAN-BHARRACHAS DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Trachtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2008 €000** | 2007 €000 | **2008 €000** | 2007 €000 |
| Ioncam | **188,633** | 184,211 | **15,035** | 16,153 |
| Costais | **(292,225)** | (266,180) | **(12,016)** | (9,438) |
| (Easnamh)/barrachas oibríochta | **(103,592)** | (81,969) | **3,019** | 6,715 |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **85,629** | 80,078 | **—** | — |
| (Easnamh)/barrachas iomlán | **(17,963)** | (1,891) | **3,019** | 6,715 |

## 2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **180,743** | 169,618 |
| Costais leasa shóisialaigh | **16,434** | 15,321 |
| Costais pinsin eile | **8,441** | 8,665 |
| Caipitealú ar obair féin | **(63)** | — |
| **Costais iomlán foirne** | **205,555** | 193,604 |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **62** | 62 |
| - do sheirbhísí eile | **59** | 67 |
| **Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí na stiúrthóirí** | **121** | 129 |
| **Iomlán an phárolla agus costais ghaolmhara** | **205,676** | 193,733 |

| | An Líon Foirne | |
|---|---|---|
| | **2008** | 2007 |
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | **3,825** | 3,650 |

## 3. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealadh | **24,227** | 19,330 |
| Ábhair | **18,753** | 18,778 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **703** | 703 |
| Cíos agus rátaí | **818** | 754 |
| Luach saothair iniúchóirí | **44** | 48 |
| Oibríochtaí cíosanna ar léas | **527** | 506 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra | **14,323** | 9,888 |
| Seirbhísí eile | **25,803** | 26,480 |
| Deontais ioncaim *(nóta 13)* | **(105)** | (267) |
| | **85,093** | 76,220 |

## 4. DÍMHEAS

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 7)* | **33,508** | 30,267 |
| Amúchadh deontais chaipitil AE/ón Státchiste *(nóta 13)* | **(15,815)** | (13,404) |
| | **17,693** | 16,863 |

## 5. ÚS (INFHAIGHTE)/INÍOCTHA

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta shealbhaíochta | **(2,736)** | (2,457) |
| Íocaíochtaí úis eile | **2** | 4 |
| | **(2,734)** | (2,453) |

## 6. OIBLEAGÁID SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba €85,629,000 a bhí san íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí iníoctha le Bus Átha Cliath - Dublin Bus trína chuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2008 (2007 - €80,078,000).

## 7. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Stadanna Bus agus Foscadáin Bus €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2008 | **317,452** | **10,847** | **43,448** | **371,747** |
| Breiseanna | **30,018** | **7,093** | **4,444** | **41,555** |
| Diúscairtí | **(14,396)** | **—** | **(23)** | **(14,419)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2008** | **333,074** | **17,940** | **47,869** | **398,883** |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2008 | **181,187** | **612** | **26,408** | **208,207** |
| Muirear don bhliain | **28,500** | **1,434** | **3,574** | **33,508** |
| Diúscairtí | **(14,325)** | **—** | **(34)** | **(14,359)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2008** | **195,362** | **2,046** | **29,948** | **227,356** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2008** | **137,712** | **15,894** | **17,921** | **171,527** |
| Amhail an 31 Nollaig 2007 | 136,265 | 10,235 | 17,040 | 163,540 |

(a) Seo a leanas an fad saoil úsáideach ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

| | **Saol (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 7 – 10 |
| Stadanna bus agus foscadáin bus | 3 – 15 |
| Gléasra agus innealra | 3 – 10 |

(b) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a dhímheas go hiomlán ag costas de €31,762,000 (2007 - €31,227,000) ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá €3,048,000 (2007 - €2,477,000) san áireamh i ndáil le feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad atá á dtógáil agus ar sócmhainní iad nach bhfuil fós i mbun seirbhíse.

## 8. STOIC

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna breise | **1,871** | 2,183 |
| Breosla, bealadh agus stoic éagsúla eile | **1,158** | 930 |
| | **3,029** | 3,113 |

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar ceanglais oibríochta fadtréimhseacha. Níl luach athsholáthair na stoc difriúil go hábhartha óna luach de réir na leabhar.

## 9. FÉICHIÚNAITHE

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **8,787** | 10,370 |
| Méideanna dlite don chuideachta shealbhaíochta | **75,570** | 76,799 |
| Deontais AE/deontais ón Státchiste is infhaighte | **—** | 220 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **1,455** | 1,798 |
| | **85,812** | 89,187 |

## 10. CREIDIÚNAITHE (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt | **338** | — |
| Féichiúnaithe trádála | **5,728** | 6,999 |
| Méideanna dlite don chuideachta shealbhaíochta | **1,933** | 1,888 |
| Deontais AE/deontais ón Státchiste is infhaighte | **2,615** | 2,404 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **252** | 1,827 |
| Creidiúnaithe eile | **1,614** | 3,916 |
| Ioncam iarchurtha | **8,791** | 7,144 |
| Fabhruithe | **15,458** | 10,266 |
| Scaoileadh deonach | **57** | 94 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 12)* | **8,000** | 10,000 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 13)* | **16,952** | 15,762 |
| | **61,738** | 60,300 |
| | | |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **4,800** | 6,119 |

## 11. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Léasanna oibríochta** | | |
| Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú is iníoctha sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **169** | 110 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **269** | 180 |
| | **438** | 290 |

## 12. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **87,500** | 94,592 |
| Úsáidte i rith na bliana | **(4,217)** | (9,250) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | **13,954** | 9,459 |
| Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir – féach nóta thíos | **—** | (7,301) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | **97,237** | 87,500 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas Reatha *(nóta 10)* | **8,000** | 10,000 |
| Méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin | **89,237** | 77,500 |
| | **97,237** | 87,500 |

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear méideanna nach mbíonn socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus muirir.

Aistríodh soláthair ag teacht ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an chuntas brabúis agus caillteanais oiread sin agus go bhfuil sé measta go bhfuil os-soláthar déanta i bhfianaise na n-éileamh le tamall anuas.

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas Tríú Páirtí sa bhreis ar €2,000,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás caingne a thionscnaítear maidir le héilimh bhóthair a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US$3,300,000 é;

(ii) Dliteanas Tríú Páirtí don Ghrúpa sa bhreis ar €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as imeachtaí Riosca Eile, ach amháin;

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó thuilte, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é; agus

(b) aon damáiste eile ó thuilte áit gurb os cionn €250,000; agus

(c) aon éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe, áit gurb os cionn US$150,000 é.

(iii) Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €15,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2008 go dtí Márta 2009; faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa fhoriomláin de €27,000,000;

(iv) is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas Dliteanais Comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2007 go dtí Márta 2008, do dhliteanais tríú páirtí iompair ráille agus bóthair agus rioscaí eile;

(v) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht de €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanais amháin nó ar shraith caillteanas, le farasbarr bliantúil srianta ag €5,000,000 go comhiomlán; agus

(vi) is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farrasbarr de €500,000 i ndáil le rothra ráille agus bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile do gach uile cheann de na caillteanais.

## 12. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR *(ar leanúint)*

**(B) Soláthar d'Éilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara**

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach i ndáil le héilimh a bhainistiú ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistithe éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh d'éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht i soláthair éileamh a bhunú, is dócha go gcruthóidh an toradh deiridh a bheith difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fheádfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar fhasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag roinnt leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus toradh deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthair d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe sa chás gur féidir gnóthachain den sórt sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á tabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le aon athárachóirí in athrith.

## 13. IONCAM IARCHURTHA

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Léiríonn an cuntas seo deontais AE agus deontais ón Státchiste a thugtar cuntas dóibh de réir polasaí cuntasaíochta F. | | |
| **Deontais Aontais Eorpaigh/Deontais ón Státchiste** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **83,064** | 71,635 |
| Faighte agus infhaighte | **22,802** | 25,136 |
| Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais | | |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil *(nóta 4)* | **(15,815)** | (13,404) |
| Díscríobh sócmhainní deontaschúnta | **—** | (36) |
| Deontas ioncaim *(nóta 3)* | **(105)** | (267) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | **89,946** | 83,064 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 10)* | **16,952** | 15,762 |
| Méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin | **72,994** | 67,302 |
| | **89,946** | 83,064 |

## 14. SCAIRCHAIPITEAL

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **38,092** | 38,092 |
| **Leithroinnte, glaoite agus lánìoctha:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **31,743** | 31,743 |

## 15. RÉITEACH GLUAISEACHTA I gCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | **51,488** | 46,664 |
| (Easnamh)/barrachas don Bhliain | **(14,944)** | 4,824 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **36,544** | 51,488 |

## 16. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | 2008<br>€000 | 2007<br>€000 |
|---|---|---|
| **(A) Réiteach easnamh oibríochta i leith sreabhadh airgid oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse | **(103,307)** | (77,707) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí *(nóta 6)* | **85,629** | 80,078 |
| | **(17,678)** | 2,371 |
| Dímheas | **33,508** | 30,267 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | **(15,815)** | (13,404) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **(1,487)** | (1,444) |
| Laghdú/(méadú) i stoic | **84** | (401) |
| Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe | **2,146** | (2,496) |
| Méadú i gcreidiúnaithe agus soláthairtí | **11,647** | 4,658 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **12,405** | 19,551 |

| | 2008<br>€000 | 2007<br>€000 |
|---|---|---|
| **(B) Anailís ar shreabhadh airgid do cheannteidil glan sa ráiteas faoi shreabhadh airgid** | | |
| **Seirbhísiú ar airgeadas** | | |
| Ús a fuarthas | **2,736** | 2,457 |
| Íocaíochtaí úis eile | **(2)** | (4) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais** | **2,734** | 2,453 |
| | | |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | **(41,555)** | (38,302) |
| Glan-insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **1,547** | 1,444 |
| Deontais chaipitil AE/ón Státchiste | **22,697** | 24,869 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil** | **(17,311)** | (11,989) |

## 16. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID (ar leanúint)

| | Amhail an 1 Eanáir 2008 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | Amhail an 31 Nollaig 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **(C) Anailís ar ghlanchistí** | | | |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | 750 | (605) | 145 |
| Rótharraingt | — | (338) | (338) |
| | | (943) | |
| Iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta | 76,799 | (1,229) | 75,570 |
| | | (1,229) | |
| **Iomlán** | 77,549 | (2,172) | 75,377 |

## 17. PINSIN

Tá fostaithe de chuid Bus Átha Cliath mar bhaill de scéimeanna pinsean Ghrúpa Córas Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Córas Iompair Éireann dhá scéim pinsin sochair sainmhínithe ag clúdach formhór na bhfostaithe, gach ceann acu á mhaoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir sciar na mball aonair de sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin ag Ghrúpa Córas Iompair Éireann a aithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach fiú dá mbeadh sé féideartha dáileadh a dhéanamh ar baill neamh-ghníomhacha ar fud fochuideachtaí bunaithe ar lá deireanach na fostaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh na baill tar éis obair le haghaidh níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a aithint cé leis an dliteanas (agus sócmhainn chomhfhreagrach) le haghaidh tréimhsí leanúnacha na fostaíochta. Táthar tar éis cuntas a thabhairt i leith ranníocaíochtaí do na scéimeanna seo, sa chaoi gur ionann é agus scéim ranníocaíochta sainmhínithe arna cheadú ag Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Córas Iompair Éireann.

Léirigh na luachálacha achtúireacha is déanaí a rinneadh ar na scéimeanna le haghaidh foralacha FRS 17 go raibh easnamh €567.6 milliún ar na scéimeanna ar 31ú Nollaig 2008.

B'ionann an costas pinsin don bhliain ar scéimeanna sochair sainmhínithe agus €8.4 milliún, áirítear na costais seo freisin i nóta 2.

## 18. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh do | **36,339** | 36,251 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do | **15,107** | 33,093 |
| | **51,446** | 69,344 |

## 19. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlíthíocht ar Feitheamh**

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na soláthairtí atá déanta sna ráitis airgeadais.

## 20. IDIRBHEARTA PHÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbhearta idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 21. COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Átha Cliath - Dublin Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

## 22. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 26 Lúnasa 2009.